Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10896 – ORANGE/MASMOVIL/JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 96/07)

1. An 13 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Orange Espagne S.A.U. ("**OSP**", an Spáinn), faoi rialú Orange S.A. ("**Orange**", an Fhrainc),

— MASMOVIL Ibercom S.A.U. ("**MASMOVIL**", an Spáinn), faoi rialú Lorca JVCo Limited ("**Lorca**", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Orange agus Lorca rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuachruthaithe lena nasctar OSP agus MASMOVIL de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is oibreoir teileachumarsáide domhanda Francach é **Orange** a bhfuil láithreacht aige i margadh teileachumarsáide na Spáinne trína fhochuideachta OSP. Soláthraíonn OSP seirbhísí teileachumarsáide móibílí agus seasta do chustaiméirí cónaithe, do chustaiméirí gnó agus do chustaiméirí mórdhíola sa Spáinn.

— Is cuideachta sealbhaíochta í **LORCA** a rialaíonn MASMOVIL. Is oibreoir teileachumarsáide é MASMOVIL a bunaíodh sa Spáinn. Soláthraíonn MASMOVIL seirbhísí teileachumarsáide seasta agus móibílí do chustaiméirí cónaithe den chuid is mó sa Spáinn.

— Sa **chomhfhiontar** nuachruthaithe nascfar gnólachtaí teileachumarsáide móibílí agus seasta OSP agus MASMOVIL.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10896 – ORANGE/MASMOVIL/JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").